Cailliúint na Bithéagsúlachta

Oide

Cad iad na príomhchúiseanna le cailliúint na bithéagsúlachta?

1. Úsáid farraige agus talún a athrú i.e. foraoiseacht, talamh portaigh nó féarthailte a thiontú ina limistéir uirbeacha nó le haghaidh úsáid talmhaíochta. Sampla de seo is ea an dífhoraoisiú i bhForaois Bháistí na hAmasóine le haghaidh rainseoireacht eallaigh thráchtála.

2. Iascaireacht neamh-inbhuanaithe, lománaíocht, seilg agus fómhar plandaí agus marú ainmhithe. Sampla de shaothrú díreach acmhainní nádúrtha is ea ró-iascaireacht mar go dtiocfaidh deireadh le cineálacha éagsúla éisc dá bharr.

3. Is é an t-athrú aeráide is mó a spreagann cailliúint na bithéagsúlachta. De dheasca teochtaí atá ag ardú agus patrúin aimsire atá ag athrú athrófar éiceachórais agus gnáthóga na speiceas. Sampla de seo is ea tuar coiréil ar féidir leis tarlú mar thoradh ar ardú i dteochtaí na n-aigéan.

4. Is é an truailliú is mó a spreagann cailliúint na bithéagsúlachta freisin. Is féidir le héiceachórais a bheith éillithe le plaistigh, ceimiceáin agus dramhaíl thocsaineach. Sampla de sin is ea eotrófú i ndobharlaigh arb é rith chun srutha i dtalmhaíocht is cúis leis.

5. Is féidir le speicis ionracha neamhdhúchasacha speicis dhúchasacha a chreachadh, a shárú nó a ghalrú. Sampla de sin ab ea an t-iora liath in Éirinn arb eol dúinn gur tháinig sé chun tosaigh ar an iora rua dúchasach agus go ndearna sé dochar mór eacnamaíochta don fhoraoiseacht. Tá an ródaideandrón fiáin (Róslabhras) tar éis éirí ina fhadhb mhór in Éirinn agus is bagairt ar leith é anois do choillearnacha darach.

Foinsí: https://biodiversityireland.ie/ipbes-irelands-biodiversity-crisis/
https://www.britannica.com/science/biodiversity-loss

CC BY NC